Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15417/23**

**COPS 547**
**POLMIL 303**
**EUMC 477**
**TRANS 505**
**UD 259**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2023) 37 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Soghluaisteacht Mhíleata 2.0 a chur chun feidhme ó mhí na Samhna 2022 go mí Dheireadh Fómhair 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2023) 37 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2023) 37 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 13.11.2023
JOIN(2023) 37 final

**TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Soghluaisteacht Mhíleata 2.0 a chur chun feidhme ó mhí na Samhna 2022 go mí Dheireadh Fómhair 2023**

**TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Soghluaisteacht Mhíleata 2.0 a chur chun feidhme ó mhí na Samhna 2022 go mí Dheireadh Fómhair 2023**

## I – RÉAMHRÁ

1. Deimhníodh leis an gCompás Straitéiseach maidir leis an tSlándáil agus leis an gCosaint[1] i mí an Mhárta 2022 go bhfuil sé ríthábhachtach don tslándáil agus don chosaint Eorpach go gcuirfí feabhas suntasach ar an tsoghluaisteacht mhíleata, go háirithe i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Cuirtear ar chumas fhórsaí Bhallstáit an Aontais leis freagairt go tapa agus ar an scála is gá ar ghéarchéimeanna a tharlaíonn ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus níos faide i gcéin, lena n-áirítear trí ábhar míleata a bhogadh chomh tapa agus chomh réidh agus is féidir. I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, soláthraítear le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eopraigh maidir le Soghluaisteacht Mhíleata 2.0[2] creat cuimsitheach chun líonra soghluaisteachta míleata dea-nasctha a fhorbairt, lena mbeidh agaí freagartha níos giorra agus bonneagar agus cumais iompair a bheidh cumasach, slán, inbhuanaithe agus athléimneach.

2. Léirítear sa chéad tuarascáil ar dhul chun cinn ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Soghluaisteacht Mhíleata 2.0 obair leanúnach institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Aontais chun na gníomhaíochtaí sainaitheanta a chur chun feidhme i bpríomhréimsí tosaíochta an Phlean Gníomhaíochta. Cuimsítear leis freisin, i gcás inar gá, an dul chun cinn a rinneadh sna réimsí éagsúla ón tuarascáil dheireanach ar dhul chun cinn i bPlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2018, a cuireadh i láthair i mí Mheán[3].

3. Soláthraítear leis an bPlean Gníomhaíochta cur chuige straitéiseach lena ndírítear ar pháirt a thabhairt ann do réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear sna Ballstáit. Dá bhrí sin, éascaítear leis comhleanúnachas agus naisc idir gníomhaíochtaí na mBallstát – lena n-áirítear trí thionscadail éagsúla ábhartha Pesco, go háirithe maidir le Soghluaisteacht Mhíleata agus Moil Lóistíochta[4] – agus trí shraitheanna oibre ar leibhéal an Aontais thar an réimse iomlán topaicí. Mar a beartaíodh sa Phlean Gníomhaíochta, tionóladh an chéad 'imeacht bliantúil' maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata i mí an Mheithimh 2023, faoi choimirce Uachtaránacht na Sualainne ar an gComhairle, lena dtugtar le chéile saineolaithe ó institiúidí an Aontais, tionscadail ábhartha Pesco agus comhpháirtithe amhail ECAT.

## II – CONAIRÍ ILMHÓDACHA AGUS MOIL LÓISTÍOCHTA

### A. Maoiniú bonneagair iompair dé-úsáide

4. Tá buiséad EUR 1.69 billiún sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 chun bonneagar iompair dé-úsáide a chomhchistiú tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. I mí Mheán Fómhair 2021, sheol an Coimisiún an chéad ghlao ar thograí tionscadail. Bhí sé beartaithe ar dtús go seolfadh an Coimisiún glaonna bliantúla ar thograí tionscadail lena mbeadh buiséid tháscacha EUR 330 milliún[5].

[1] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7371-2022-INIT/ga/pdf
[2] Plean gníomhaíochta maidir le soghluaisteacht mhíleata 2.0.pdf (europa.eu)
[3] Tuarascáil Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go mí Mheán Fómhair 2021 {JOIN(2021) 26 final}.
[4] Líonra na Mol Lóistíochta san Eoraip agus na Tacaíochta d'Oibríochtaí

5. I ndiaidh an fhogha gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, neartaigh an Coimisiún go mór a thacaíocht do bhonneagar iompair dé-úsáide don tsoghluaisteacht mhíleata lena gcuirtear dlús leis an meastóireacht ar na tograí agus lena gcuirtear tús leis an mbuiséad atá ar fáil.

6. I mí na Bealtaine 2022, dhámh an Coimisiún comhchistiú ón Aontas dar luach EUR 339 milliún ar an iomlán i gcomhair 22 thionscadal i 15 Bhallstát ar fud na modhanna iompair go léir[6].

7. Chuaigh an Coimisiún chun cinn leis an dara glao ar thograí agus sheol sé arís é i mí na Bealtaine 2022 agus buiséad táscach EUR 330 milliún leis. D'fhreagair na Ballstáit an glao agus suim mhéadaithe acu ann agus ba é EUR 1.39 billiún ar an iomlán an méid a iarradh le haghaidh comhchistiú ón Aontas, suim a bhí ceithre oiread an bhuiséid leithdháilte. Mar gheall ar ardchaighdeán na dtionscadal agus ar an bpráinn chun freagairt ar an timpeallacht gheopholaitiúil nua, roghnaigh an Coimisiún 35 thionscadal le haghaidh comhchistiú AE dar luach EUR 616 mhilliún ar an iomlán i mí[7] na Samhna 2022.

8. Dá bhrí sin, tá 57 dtionscadal ar an iomlán ar siúl in 18 mBallstát le haghaidh comhchistiú dar luach EUR 944 mhilliún ón Aontas. Leithdháiltear 35 % den mhéid sin i gcomhair iarnród, 28 % i gcomhair boithre, 21 % i gcomhair aerfort, agus 16 % i gcomhair tionscadal bonneagair mhuirí. I measc na gcineálacha tionscadal comhchistithe is coitianta tá feabhsuithe ar acmhainneacht iarnróid (chun cúrsaíocht traenacha 740 m a áirithiú den chuid is mó); mótarbhealach (go háirithe tarbhealaí agus droichid bhóthair) agus feabhsuithe ar acmhainn aerfoirt; cumais láimhseála iompair ilmhódaigh a mhéadú chomh maith le feabhas a chur ar acmhainn agus nascacht calafort.

9. Seoladh an tríú glao agus an glao deiridh ar thograí i mí na Bealtaine 2023 agus ba é mí Mheán Fómhair 2023 an spriocdháta chun tionscadal a chur isteach d'fhonn buiséad dar luach thart ar EUR 790 milliún atá fágtha a úsáid. Cruthaíodh an spéis b'airde ó na Ballstáit go dtí seo leis an tríú glao: Rinne 22 Bhallstát iarratas le 112 tionscadal ar chomhchistiú iomlán iarrtha ón Aontas dar luach EUR 3.7 billiún, rud a shroich ráta ró-shuibscríofa 4.7. Táthar ag súil go bhfoilseoidh an Coimisiún an Cinneadh dámhachtana don tríú glao go luath in 2024. Le forghníomhú an tríú glao, is mór an seans go n-ídeofar an buiséad foriomlán atá ar fáil do bhonneagar iompair dé-úsáide don tsoghluaisteacht mhíleata faoin CAI seo.

10. Ar deireadh, i nDearbhú Chomhairle Eorpach neamhfhoirmiúil Granada i mí Dheireadh Fómhair 2023, d'athdhearbhaigh Ceannairí an Aontais a bhfócas ar shoghluaisteacht mhíleata[8].

11. An 15 Meitheamh 2023, d'fhormheas Bord Stiúrthóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta an 'Tionscnamh Straitéiseach um Shlándáil na hEorpa PLUS'. Cuirtear níos mó cistí ar fáil leis an tionscadal i gcomhair infheistíochtaí slándála agus cosanta – suas le EUR 8 mbilliún le linn na tréimhse ionchais airgeadais ilbhliantúla reatha 2021-2027 lena mbaineann raon feidhme níos leithne trí shoghluaisteacht mhíleata agus bonneagar criticiúil a áireamh go sonrach mar réimsí breise. Aithníonn an Banc Eorpach Infheistíochta an timpeallacht gheopholaitiúil athraithe, rud a bhfuil riachtanais mhéadaithe mhaoiniúcháin mar thoradh air i réimsí éagsúla a bhaineann leis an tslándáil Eorpach agus le hearnáil na cosanta lena n-áirítear a slabhraí soláthair. I bhfianaise chineál na sócmhainní agus na n-infheistíochtaí sin, is é an chéad chéim eile tionscadail ionchasacha a

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 24.5.2022 maidir le tionscadail um Shoghluaisteacht Mhíleata a roghnú tar éis ghlao 2021 ar thograí le haghaidh deontas faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa - An earnáil iompair de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 5763, {C(2022) 3261 final}.
[7] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 11.4.2023 maidir le tionscadail um Shoghluaisteacht Mhíleata a roghnú tar éis ghlao 2022 ar thograí le haghaidh deontas faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa - An earnáil iompair de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 5763, {C(2023) 2298 final}.
[8] Dearbhú Granada, an Chomhairle Eorpach, 6 Deireadh Fómhair 2023, https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2023/10/06/granada-declaration

shainaithint. Tá plé ar siúl cheana féin leis an gCoimisiún Eorpach faoin dóigh a bhféadfaí tacú leis an réimse sin.

### B. Athbhreithniú ar ghréasáin thras-Eorpacha iompair

12. Chuir an Coimisiún a thogra i láthair maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le gréasáin thras-Eorpacha iompair an 14 Nollaig 2021[9]. Tá dhá phríomhghné ann lena n-éascófaí soghluaisteacht mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas: ar an gcéad dul síos, neartaítear roinnt ceanglas maidir le bonneagar iompair, go háirithe maidir le hiarnróid; agus ar an dara dul síos, léiríonn na léarscáileanna nuashonraithe i gcásanna áirithe na riachtanais mhíleata freisin. An 27 Iúil 2022 chuir an Coimisiún togra leasaithe i láthair a thagann leis an staid gheopholaitiúil athraithe[10].

13. Tá próiseas athbhreithnithe na ngréasán tras-Eorpach iompair faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh, rud a chiallaíonn nach mór don Chomhairle agus don Pharlaimint teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs deiridh den Rialachán bunaithe ar an togra ón gCoimisiún. Chomhaontaigh an Chomhairle ar an gCur Chuige Ginearálta an 5 Nollaig 2022[11]. Idir an dá linn, ghlac Parlaimint na hEorpa a tuarascáil agus a sainordú caibidlíochta an 13 Aibreán 2023[12]. Tá togra ann le haghaidh Airteagal 47a nua maidir le soghluaisteacht mhíleata. Go sonrach, cheanglófaí leis an Airteagal ar na Ballstáit riachtanais soghluaisteachta míleata a mheas agus bonneagar ar an ngréasán tras-Eorpach iompair á thógáil nó á uasghrádú[13]. Ina theannta sin, leis an Airteagal nua chuirfí de cheangal ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh maidir le gluaiseachtaí míleata ar mhórscála ar gearrfhógra[14].

14. Go dtí seo, thionóil an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ceithre thriológ pholaitiúla agus iad ag súil go bhféadfadh Uachtaránacht na Spáinne ar an gComhairle an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích faoi dheireadh 2023 agus go bhféadfadh an Rialachán a chur i bhfeidhm in earrach 2024.

### C. Riachtanais Mhíleata

15. D'fhonn caighdeáin an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair agus ghréasán míleata iompair an Aontais a ailíniú tuilleadh, ghlac an Chomhairle na ceanglais mhíleata athbhreithnithe an 23 Deireadh Fómhair 2023, lena n-áirítear 'Conairí Iompair Ilmhódacha' Iarscríbhinn II. Áiríodh sa phróiseas athbhreithnithe freisin comhairliúcháin le ECAT. Cuimsítear le raon feidhme méadaithe na gceanglas míleata moil lóistíochta, bonneagar slabhra soláthair breosla, ceacht a sainaithníodh maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus critéir mhíleata chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí tionscadail bonneagair dé-úsáide.

---

[9] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (COM(2021) 812).

[10] Togra leasaithe le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1315/2013 (COM/2022/384 final).

[11] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-15058-2022-INIT/en/pdf

[12] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2023-0147_EN.html#_section1

[13] '1. Agus bonneagar ar an ngréasán tras-Eorpach iompair á thógáil nó á uasghrádú, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an ngá, ar an ábharthacht agus ar an bhféidearthacht dul thar na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil III, chun freastal ar mheáchan, ar mhéid nó ar scála iompair mhíleata trúpaí agus ábhair.'

[14] '2. Faoin ... [bliain amháin i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún staidéar chun féidearthachtaí maidir le gluaiseachtaí mórscála ar gearrfhógra ar fud an Aontais a shainaithint, lena n-áirítear bealaí straitéiseacha, chun feabhas a chur ar dhé-úsáid bhonneagar an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair. Soláthrófar leis an staidéar gnéithe maidir le pleanáil fhadtéarmach bonneagair chun críocha soghluaisteachta dé-úsáide. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit le linn an staidéir sin.'

16. San iarscríbhinn nua maidir le Bonneagar Slabhra Breosla[15] - Soláthair breosla tugtar breac-chuntas ar na sonraíochtaí teicniúla maidir le córais, saoráidí agus trealamh breosla lena áirithiú go mbeidh an cumas acu tacú go héifeachtach le gluaiseachtaí míleata ar mhórscála agus idir-inoibritheacht le comhpháirtithe straitéiseacha, amhail ECAT, á coinneáil ar bun. Tá na ceanglais chéanna ann agus atá sna caighdeáin arna n-úsáid ag ECAT agus a roinneadh le Foireann Mhíleata an Aontais (EUMS)[16]. Agus í ina cuid de na Ceanglais Mhíleata, cuirtear féidearthacht ar fáil leis an iarscríbhinn sin, go bhféadfaí tionscadail bhonneagair slabhra soláthair breosla dé-úsáide a chomhchistiú amach anseo faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, chun na Ballstáit a dhreasú chun infheistíocht a dhéanamh ina mbonneagar slabhra soláthair breosla.

## D. Pleanáil fhadtéarmach bonneagair le haghaidh gluaiseachtaí mórscála ar gearrfhógra na bhfórsaí míleata

17. Sholáthair seirbhísí an Choimisiúin, in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) lena n-áirítear EUMS, nóta míniúcháin do na Ballstáit maidir le modheolaíocht cur chuige agus tráthchlár staidéir chun féidearthachtaí maidir le gluaiseachtaí mórscála ar gearrfhógra a shainaithint chun athléimneacht breosla, pleanáil fhadtéarmach bonneagair agus an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as an mbonneagar sin a bharrfheabhsú. Cuireadh tús leis an obair ar an staidéar agus ba cheart go mbeadh sí curtha i gcrích faoi earrach 2024. Sa chéad chéim a seoladh i mí Iúil i mbliana agus atá ar siúl faoi láthair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, sainaithneofar na príomhchonairí le haghaidh gluaiseachtaí mórscála ar gearrfhógra pearsanra agus ábhair mhíleata i gcás coinbhleachta nó le haghaidh cleachtaí míleata. Is é an dara céim na heasnaimh sa bhonneagar ar na príomhchonairí a shainítear mar thosaíocht do ghluaiseachtaí míleata a shainaithint. Sa tríú céim, ní mór gníomhaíochtaí a shainaithint chun na heasnaimh a mhaolú agus lena áirithiú gur féidir pearsanra agus ábhar míleata a ghluaiseacht go réidh. Tacaítear sa staidéar leis an gcuspóir maidir le gréasán dea-struchtúrtha a thógáil, lena n-áirítear an cumas earraí contúirteacha a iompar agus a stóráil agus breosla a bheith ar fáil sna cainníochtaí cearta, agus é d'aidhm fhoriomlán ag an gcuspóir sin tús áite a thabhairt ar bhealach níos fearr d'infheistíochtaí riachtanacha lena gcuirtear gluaiseachtaí míleata mórscála ar gearrfhógra chun cinn.

18. Leis an obair sin, méadófar na sineirgí idir beartas TEN-T agus Soghluaisteacht Mhíleata an Aontais agus acmhainní ganna á n-úsáid ar an mbealach is éifeachtúla. Feidhmeoidh gníomhaíochtaí arna sainaithint chun na heasnaimh a mhaolú agus chun an tsoghluaisteacht mhíleata a threisiú mar ionchur tábhachtach do chomhchistiú a bheidh ann amach anseo faoi SCE agus do thosaíochtaí infheistíochta náisiúnta na mBallstát. Feidhmeoidh an anailís freisin mar bhonn don Bhanc Eorpach Infheistíochta, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, chun tionscadail dé-úsáide lena mbaineann breisluach ard don chosaint a shainaithint.

19. Leis an anailís sin, beidh na Ballstáit ábalta a bpleanáil a chomhordú ar bhealach níos fearr le Ballstáit eile chun an cháilíocht bhonneagair chéanna ar an gconair ar fad a shíneann thar roinnt Ballstát a áirithiú. Beidh comhordú níos fearr idir Aireachtaí Cosanta agus Aireachtaí Bonneagair na mBallstát mar thoradh air freisin. Thairis sin, cuirfidh an anailís le dlúthchomhar agus sioncrónú i measc na mBallstát agus infheistíocht á déanamh sa bhonneagar, rud a chuirfidh nascacht níos fearr chun cinn maidir le gluaiseachtaí míleata ar mhórscála ar an leibhéal Eorpach a láimhseáil.

## E. Rochtain ar aerspás agus ar sheirbhísí loingseoireachta aerspáis (SES agus SESAR)

[15] Féach 'Riachtanais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de', ST 10440/23, Iarscríbhinn XI, arna fhormhuiniú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh 23 Deireadh Fómhair 2023 (TBD).

[16] Doiciméad 'NATO Technical Criteria and Standards for Pol Facilities [Critéir Theicniúla agus Caighdeáin ECAT maidir le Saoráidí Pol], 'AC/4-N(2017)0002 (INV)', dar dáta an 19 Eanáir 2017, arna leasú an 9 Meitheamh 2023.

20. Lean an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin lena gcomhoibriú chun rochtain ar aerspás agus ar sheirbhísí aerloingseoireachta a áirithiú don eitlíocht shibhialta agus mhíleata i gcomhthéacs an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SES) agus an tionscadail gaolmhar um nuachóiriú bainistíochta aerthráchta (SESAR). Le haon easpa idir-inoibritheachta idir córais mhíleata agus shibhialta, d'fhéadfaí rioscaí a chruthú don arm maidir le rochtain ar aerspás agus úsáid seirbhísí loingseoireachta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina dhúshlán freisin, go háirithe nuair a bhíonn an míleata ag soláthar seirbhísí do na húsáideoirí sibhialta. Is aitheantas ar a dtábhacht chun easnaimh idir-inoibritheachta a shárú é bainistíocht eitlíochta agus aerthráchta a chuimsiú sa tionscnamh Soghluaisteachta Míleata[17], mar a léirítear sa nuashonrú is déanaí ar na Riachtanais Mhíleata. Faoi réir nuashonrú amach anseo ar an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le ceanglais dé-úsáide[18], bheadh an pobal eitlíochta míleata ábalta páirt a ghlacadh amach anseo i nglaonna ar thograí ar shoghluaisteacht mhíleata na Saoráide um Chónascadh na hEorpa. Thairis sin, ní mór ról Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) mar an t-údarás deimhniúcháin shibhialta a chur san áireamh sa tábhacht atá ag méadú ar an trealamh dé-úsáide.

## III – BEARTA TACAÍOCHTA RIALÁLA

### A. Ceadanna gluaiseachta trasteorann

21. Le Clár A GEC maidir le 'Nósanna Imeachta um Cheadanna Gluaiseachta Trasteorann a Barrfheabhsú san Eoraip', déantar nósanna imeachta a chomhchuibhiú agus a shimpliú agus forbraítear réitigh laistigh de chríocha, aerspásanna agus uiscí intíre na mBallstát is rannchuiditheoirí. An 12 Meán Fómhair 2023, shínigh an Danmhairg dá Shocrú Theicniúla, an tír is deireanaí lena síniú: ceann don réimse dromchla agus ceann eile don réimse aeir. Dá bhrí sin, tá na Socruithe Teicniúla le haghaidh na réimsí dromchla agus aeir sínithe anois ag 25 Bhallstát is rannchuideoirí, lena n-áirítear an Iorua. Tá Socrú Teicniúil á fhorbairt ag na Ballstáit is rannchuiditheoirí faoi láthair, le tacaíocht ó GEC, chun aghaidh a thabhairt ar an réimse muirí, agus meastar go seolfar an nós imeachta sínithe ag tús 2024.

22. Chun tacú le cur chun feidhme na Socruithe Teicniúla sínithe, d'fhorbair GEC Maitrís Faireacháin Cur Chun Feidhme (IMM) lenar féidir faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí éagsúla faoi na Socruithe. Thairis sin, le líonra pointí teagmhála náisiúnta don tsoghluaisteacht mhíleata soláthrófar aiseolas luachmhar ó na Ballstáit i bhfianaise leasuithe a dhéanfar amach anseo. Oibreoidh GEC i gcomhar le Ballstáit an Aontais chun cleachtadh boird nó ceardlann a eagrú lena n-éascófar cur chun feidhme iomlán na Socruithe Teicniúla agus lena ndéanfar tástáil freisin ar an teimpléad forbartha le haghaidh cead bliantúil do na Socruithe Teicniúla Dromchla.

23. Chun iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le tionscadail Pesco 'Soghluaisteacht Mhíleata' agus 'Líonra na Mol Lóistíochta' a thabhairt le chéile, d'eagraigh GEC an chéad chruinniú leis na Ballstáit chomhordúcháin an 5 Iúil 2023. Bunaithe ar na torthaí, déanfaidh GEC tuilleadh imscrúdaithe ar na féidearthachtaí in éineacht leis na Ballstáit rannpháirteacha. Ina theannta sin, chomhaontaigh na tionscadail tras-rannpháirtíocht a áirithiú ina gcruinnithe chun sineirgí agus comhordú a chur chun cinn.

### B. Próisis lóistíochta a dhigitiú

[17] Iarscríbhinn II athbhreithnithe de na Riachtanais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de (ST 11373/19) an 27 Márta 2023.

[18] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1328 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2021 lena sonraítear na ceanglais bhonneagair is infheidhme maidir le catagóirí áirithe gníomhaíochtaí bonneagair dé-úsáide de bhun Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, C/2021/5859, IO L 288, 11.8.2021.

24. I gclár oibre bliantúil 2021 den Chiste Eorpach Cosanta bhí togra maidir le córas digiteach a fhorbairt chun faisnéis a bhaineann le soghluaisteacht mhíleata a mhalartú go tapa agus go slán (SDMMS anseo feasta). D'fhógair an Coimisiún an tairgeoir a bhuaigh an 21 Iúil 2022: is cuibhreannais é faoi stiúir na hEastóine ina bhfuil cuideachtaí ó 9 mBallstát[19] agus ón Iorua a gheobhaidh maoiniú níos mó ná EUR 9 milliún chun an córas digiteach a fhorbairt. Síníodh an comhaontú deontais ag deireadh mhí na Nollag 2022 agus i mí Eanáir 2023, tionóladh an chéad chruinniú tosaigh. Mairfidh an tionscadal ar feadh 30 mí ar an iomlán, agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh an córas digiteach chun faisnéis a bhaineann le soghluaisteacht mhíleata a mhalartú go slán agus go tapa ar fáil faoi lár 2025. Éascófar leis an gcóras digiteach sin malartú díreach agus slán faisnéise idir rialtais rannpháirteacha a iarrfaidh agus a fhormheasfaidh aon ghluaiseacht mhíleata.

25. Ba é príomhfhócas an tionscadail SDMMS le linn na chéad bhliana struchtúr oibre a chur ar bun agus na páirtithe leasmhara go léir a chomhtháthú go hiomlán sa tionscadal. Faoi dheireadh chéad bhliain an tionscadail, is é an sprioc na ceanglais fheidhmiúla agus neamhfheidhmiúla go léir a chomhaontú chun na spriocanna agus na pleananna mionsonraithe a leagan síos do chéim chur chun feidhme an tionscadail. Ina theannta sin, forbrófar an plean buntáistí agus costais oibríochta chun measúnú a dhéanamh ar bhealach níos fearr ar luachanna na n-athruithe a thabharfar isteach sa chóras. Tá sé sin ar fad ina bhonn tábhachtach d'fhorbairt atá le teacht ar an gcóras iomlán.

**C. Custam**

26. In éineacht leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit is rannchuiditheoirí, tá GEC ag obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar 'Measúnú ar na riachtanais, na gnóthachain agus na rioscaí a bhaineann le Córas Custaim Míleata (MCS) a fhorbairt' a bheidh mar bhonn le gach iarracht eile. I gcomhthráth leis sin, tá an Coimisiún ag súil leis na chéad torthaí inbraite ar an tionscadal SDMMS sula dtosóidh sé ag ullmhú leasuithe dlíthiúla ar Reachtaíocht Custaim an Aontais. Áiritheofar le leasuithe dlíthiúla go mbeidh creat dlíthiúil ann le haghaidh úsáid na mBallstát as an gcóras agus go mbeidh an córas ar aon dul leis na nósanna imeachta custaim mar atá bunaithe i Reachtaíocht Custaim an Aontais.

**D. Lóistíocht Fheabhsaithe**

27. I bhfianaise coincheap a sholáthar le haghaidh líonra TF lóistíochta ar fud an Aontais chun malartú sonraí lóistíochta i measc rannpháirtithe éagsúla a éascú, chuir GEC torthaí staidéir i láthair sa chéad leath de 2023 ina ndearnadh córais náisiúnta TF lóistíochta agus bogearraí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta (ERP) a mhapáil, lena n-áirítear cumais náisiúnta Rianaithe agus Lorgaireachta agus feidhmchláir TF eile amhail Seirbhísí Limistéar Feidhme Lóistíochta ECAT (LOGFAS). Feidhmeoidh torthaí an staidéir mar bhonn don dara staidéar arb é is aidhm dó coincheap a sholáthar maidir le conas líonra cumarsáide lóistíochta cónaidhme a bhunú.

28. Maidir le húsáid a bhaint as Monarú Suimitheach – ar a dtugtar priontáil 3T de ghnáth i gcomhthéacs na lóistíochta míleata – is é is aidhm do Thionscadal Chatagóir B GEC a bunaíodh le déanaí 'Monarú Suimitheach le haghaidh tacaíocht Lóistíochta' caighdeáin choiteanna a fhorbairt agus a chinneadh chun feabhas a chur ar inoibritheacht. Chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin, rinne GEC staidéir éagsúla a cuireadh i láthair le linn 2023. Maidir leis sin, soláthraíodh treoirlíne i gceann de na staidéir d'Fhórsaí Armtha ó thaobh an dlí de chun réitigh AM a úsáid i gcásanna míleata éagsúla.

[19] an Liotuáin, an Ghearmáin, an Eastóin, an Bhulgáir, an Pholainn, Lucsamburg, an Rómáin, Poblacht na Seice, an Laitvia

## IV – ATHLÉIMNEACHT AGUS ULLMHACHT

### A. Cumais iompair straitéisigh

29. I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach[20], thogair Ballstáit an Aontais d'aon toil comhar agus comhordú a threisiú i réimse an aeir tríd an gcumas tabhairt faoi oibríochtaí aershlándála i gcomhpháirt a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht, tarrtháil agus aslonnú aeir, cúraimí faireachais agus cúraimí fóirithinte tubaiste. Chun úsáid chomhordaithe aershócmhainní míleata a éascú chun tacú le misin agus oibríochtaí CBSC, tá sé beartaithe ag Ballstáit an Aontais freisin an comhar agus an chomhpháirtíocht idir struchtúir agus tionscnaimh an Aontais agus struchtúir agus tionscnaimh iltaobhacha sa réimse aeir a neartú, amhail an Cheannasaíocht Aeriompair Eorpach (EATC). I ndáil leis sin, shínigh EUMS agus náisiúin rannpháirteacha EATC[21] Socrú Teicniúil an 28 Meitheamh 2023. Leis an Socrú Teicniúil sin, déantar na nósanna imeachta a chaighdeánú chun rochtain EUMS ar sheirbhísí aeriompair EATC a éascú i bhfabhar Mhisin agus Oibríochtaí míleata CBSC an Aontais maidir le haslonnú straitéiseach aerleighis agus aeriompar. I gcás práinne, d'fhéadfadh gníomhaithe eile de chuid an Aontais, e.g. an Cumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta do Mhisin shibhialtacha CBSC agus don Ionad Freagartha ar Ghéarchéimeanna i gcás géarchéim chonsalachta leas a bhaint as na nósanna imeachta sin freisin. Chuir na seacht náisiún EATC Uaireanta Coibhéiseacha Eitilte (EFH) ar leataobh do EUMS gan aon chostas ar bhonn deonach chun na nósanna imeachta sin a thástáil ar feadh bliana.

    Feidhmeoidh an comhar idir EUMS agus EATC mar chéad chéim le haghaidh comhar níos láidre idir an dá eintiteas. Ina theannta sin, is féidir leis an Socrú Teicniúil sin seasamh mar eiseamláir do thionscadail agus do thionscnaimh eile, amhail éascú an imscartha le haghaidh Acmhainneacht Mhear-imscartha an Aontais[22].

30. Leanadh den obair i gcreat GEC chun na cumais riachtanacha muiriompair agus iompair d'aer/iompair straitéisigh a fhorbairt, i gcomhréir le Tuarascáil 2020 maidir leis an Athbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint agus i gcomhar le tionscadail ábhartha Pesco. Tá doiciméad treorach forbartha tionsclaíche á fhorbairt ag an tionscadal maidir le Lasta Oirbheartaíochta Lármhéide Amach Anseo chomh maith le staidéar a bheidh le maoiniú faoi Chlár Oibre an Chiste Eorpaigh Cosanta 2022. Tá na comhcheanglais ardleibhéil á bhforbairt ag an tionscadal maidir le hAeriompar Straitéiseach le haghaidh Lasta Mórthomhais agus tá an glao ar staidéar sa réimse sin faoi Chlár Oibre an Chiste Eorpaigh Cosanta 2023 oscailte do thograí tionscadail. Cuireadh tús leis an tionscadal maidir le héileacaptar Meánach na Chéad Ghlúine Eile i mí an Mheithimh 2023 agus tá ionchuir na mBallstát ina leith á mbailiú faoi láthair dá bpleananna maidir le héileacaptair amach anseo, i dtéarmaí na gcabhlach atá ann cheana a uasghrádú agus ardáin nua a fhorbairt.

31. Maidir leis an ngá míleata le hiompar speisialaithe iarnróid, mar thoradh ar iarracht chomhoibritheach idir Ballstáit an Aontais, an Coimisiún agus GEC cuireadh forálacha sa Togra le haghaidh Rialachán maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid lena bhféadfaí[23] tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí míleata faoi choinníollacha áirithe. Ina theannta sin, seolfaidh GEC staidéar go luath ar Acmhainneacht Iarnróid an Aontais chun forbhreathnú ar acmhainn reatha na

[20] Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint - Le haghaidh Aontas Eorpach a chosnaíonn a chuid saoránach, luachanna agus leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, ST 7371/22, dar dáta an 21 Márta 2022.

[21] BE, DE, ES, FR, IT, LU agus NL.

[22] Tá an Acmhainneacht Mhear-imscartha (RDC an Aontais) ina bhfuil suas le 5000 trúpa á forbairt ag an Aontas. Beidh Acmhainneacht Mhear-imscartha sin an Aontais ina hionstraim mhíleata láidir, sholúbtha agus inscálaithe a chuirfidh le bosca uirlisí leathan bainistíochta géarchéime an Aontais.

[23] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 (COM/2023/443 final).

sócmhainní iarnróid náisiúnta agus tráchtála a úsáideann an t-arm a sholáthar agus d'fhonn na ceanglais fhéideartha le haghaidh sócmhainní speisialaithe iompair iarnróid agus bonneagar iarnróid le haghaidh úsáid mhíleata a shainiú.

**B. Cosaint ar rioscaí slándála**

32. I ndiaidh iarraidh a fháil ón gComhairle[24], tá cásanna riosca cibearshlándála á bhforbairt ag an gCoimisiún, ag an nGrúpa Comhair um Líonraí agus Córais Faisnéise (NIS) agus ag SEGS. Tá an chéad fhócas ar an earnáil teileachumarsáide agus ar an earnáil leictreachais. Déanfar measúnú, áfach, ar earnálacha criticiúla eile, amhail iompar, in eagráin den chleachtadh amach anseo. Tá gá le líonra láidir athléimneach comhroinnte sonraí lena bhfuil leibhéal ard cibearshlándála chun tacú le comhroinnt éifeachtach sonraí digiteacha i measc páirtithe leasmhara agus oibreoirí ábhartha sibhialtacha agus míleata. Le líonra den sórt sin, d'fhéadfaí bonneagar an Aontais a threisiú amhail Clár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS ²).

33. I mí Eanáir 2023, tháinig an Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil (CER)[25] i bhfeidhm. Cé go bhfuil an chosaint lasmuigh dá raon feidhme, feabhsófar léi athléimneacht fhisiciúil na n-eintiteas a oibríonn bonneagar criticiúil in 11 earnáil, lena n-áirítear iompar de bhóthar, d'iarnród, d'aer agus de mhuir. Cuireann sé, dá bhrí sin, lena áirithiú go soláthrófar seirbhísí riachtanacha san earnáil iompair a bhfuil gá leo freisin le haghaidh na soghluaisteachta míleata. Colún lárnach den cheart nua CER is ea an Grúpa um Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, ina bpléann saineolaithe na mBallstát agus seirbhísí an Choimisiúin bagairtí inter alia ar bhonneagar criticiúil. Mar fhreagairt ar bhagairt mhéadaithe na sabaitéireachta i ndáil le cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ghlac an Chomhairle Moladh ina theannta sin maidir le cur chuige comhordaithe chun seasmhacht an bhonneagair chriticiúil a neartú i mí na[26]. Aithníodh iompar mar cheann de na ceithre phríomhearnáil a phléitear sa Mholadh.

34. I mí an Mheithimh 2023, chuir GEC agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin torthaí staidéir taighde i láthair lena ndéantar measúnú ar thionchair an athraithe aeráide ar bhonneagar criticiúil fuinnimh a bhaineann le cosaint[27], lena n-áirítear iompar. I gcomhthéacs an Fhóraim Comhairliúcháin um Fhuinneamh Inmharthana san Earnáil Cosanta agus Slándála, leanadh leis an obair maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar conas úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite san iompar a mhéadú, lena n-áirítear, mar shampla, trí anailís a dhéanamh ar na riachtanais mhíleata maidir le réitigh hidriginbhunaithe le haghaidh feithiclí troma lóistíochta míleata agus bonneagar lóistíochta míleata. Thairis sin, i mí na Bealtaine 2023, d'eagraigh GEC agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin cleachtadh boird chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide agus an aistrithe chuig fuinneamh glas ar athléimneacht agus ar shlándáil fuinnimh an bhonneagair chriticiúil fuinnimh a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear bonneagar agus inniúlachtaí iompair mhíleata na mBallstát.

35. Chuir GEC i dtábhacht ar bhonn leanúnach an gá atá le líonra láidir athléimneach comhroinnte sonraí lena mbeidh ardleibhéal cibearshlándála a thacaíonn le comhroinnt éifeachtach sonraí digiteacha i measc páirtithe leasmhara agus oibreoirí ábhartha sibhialtacha agus míleata.

---

[24] Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh Cibearshlándála an Aontais Eorpaigh a fhorbairt; ST09364/22, 23 Bealtaine 2022

[25] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil

[26] Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le cur chuige comhordaithe ar fud an Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú.

[27] https://eda.europa.eu/publications-and-data/impacts-of-climate-change-on-defence-related-critical-energy-infrastructure

36. I gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le hIonchas Nua ar an Nasc idir an Aeráid agus an tSlándáil, a glacadh i mí an Mheithimh 2023[28], déanfaidh SEGS, seirbhísí an Choimisiúin agus GEC anailís ar bhealaí chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise in iompar míleata a laghdú trí ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí gaolmhara a chur chun cinn.

## V – COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

### A. AE-ECAT

37. Sa tríú Dearbhú Comhpháirteach idir an tAontas agus ECAT, a síníodh an 10 Eanáir 2023 sa Bhruiséil[29], aithnítear na torthaí atá bainte amach ag an Aontas agus ag ECAT maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata. Tagann Idirphlé Struchtúrtha AE-ECAT le chéile ar bhonn rialta fós chun na baill foirne ábhartha go léir ón dá eagraíocht a thabhairt le chéile. Cruthaíodh gur creat éifeachtach é maidir le Plean Gníomhaíochta nua an Aontais a chur i láthair agus réimsí ábhartha comhair bhreise a phlé, d’fhonn comhleanúnachas agus neartú frithpháirteach a áirithiú. Tionóladh grinnmhalartuithe ar leibhéal na saineolaithe agus fócas á chur go háirithe ar chibear-athléimneacht agus ar bhonneagar iompair lena gcuirtear ar chumas an dá thaobh tuiscint níos fearr a fháil na tosaíochtaí dá gcuid féin. Ina theannta sin, ghlac ionadaithe ECAT páirt sa chéad imeacht bliantúil um Shoghluaisteacht Mhíleata i mí an Mheithimh 2023 agus glacann Ceannasaíocht Cumasaithe Comhthacaíochta ECAT páirt i gcruinnithe ábhartha maidir le tionscadal Pesco maidir le Soghluaisteacht Mhíleata ar bhonn neamhfhoirmiúil.

38. Leanann rannpháirtíocht Chomhghuaillithe ECAT neamh-AE i dtionscadail ábhartha Pesco de bhreisluach a sholáthar, lena n-áirítear ó dhearcadh trasatlantach agus AE-ECAT de. Chomh maith leis na Stáit Aontaithe, Ceanada agus an Iorua, d’údaraigh an Chomhairle an cuireadh don Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh i dtionscadal Pesco madiir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata i mí na Samhna 2022. Tá tabhairt i gcrích an tSocraithe Riaracháin leis an tionscadal ina chéimeanna deiridh. Ina theannta sin, i mí an Mhárta 2023, d’aontaigh an Chomhairle cuireadh a thabhairt do Cheanada dul isteach i Moil Lóistíochta Líonra Tionscadail Pesco. Tá an Socrú Riaracháin do rannpháirtíocht Cheanada sna céimeanna deiridh den chomhaontú chomh maith. Tugadh cuireadh d’ionadaithe na gcomhpháirtithe sin cheana féin páirt a ghlacadh i gcruinnithe na dtionscadal faoi seach go dtí go dtabharfar na socruithe dlíthiúla chun críche.

39. I mí Eanáir 2023, d’fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ard-Rúnaí ECAT go mbunófaí Tascfhórsa tiomnaithe ECAT-AE maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil. Chuir Tascfhórsa AE-ECAT maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil tuarascáil mheasúnachta i láthair an 29 Meitheamh 2023 ina dtugtar léargas ar na dúshláin slándála atá ann faoi láthair agus ina gcuirtear moltaí i láthair chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú. Áirítear leis iompar sna ceithre phríomhearnáil (mar aon le fuinneamh, digiteach agus spás) ar cheart comhar a neartú ina leith agus déantar tagairt don Idirphlé Struchtúrtha maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata ann. Moltar go sonrach leis comhar feabhsaithe a bhaineann le bonneagar iompair chun freastal ar mheáchan, ar mhéid nó ar scála an iompair mhíleata.

### B. Nascadh le comhpháirtithe eile

40. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe um ghréasáin thras-Eorpacha iompair, dá dtagraítear thuas, leathnaítear leis an togra leasaithe na Conairí Eorpacha Iompair (dá ngairtear Conairí an

[28] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: ionchas nua maidir leis an nasc idir an aeráid agus an tslándáil: aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil ar an tsíocháin, ar an tslándáil agus ar an gcosaint {JOIN(2023) 19 final}.
[29] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2023/01/10/eu-nato-joint-declaration-10-january-2023/

Chroíghréasáin sa Rialachán reatha) chuig an Úcráin agus chuig an Mholdóiv . Tógann leathnú na gConairí ar iarrachtaí eile an Aontais nascacht iompair na dtíortha sin leis an Aontas a neartú, amhail an tionscnamh um Lánaí Dlúthpháirtíochta a sheol an Coimisiún i mí na Bealtaine 2022 chun cuidiú leis an Úcráin a bealaí trádála a choinneáil oscailte i ndiaidh bhacainn na Rúise ar chalafoirt na hÚcráine.

## VI – CONCLÚIDÍ AGUS AN BEALACH CHUN CINN

41. Bliain amháin i ndiaidh sheoladh an Phlean Gníomhaíochta maidir le Míleata 2.0, seoladh gníomhaíochtaí ábhartha ar fud na gceithre phríomhréimse tosaíochta, rud a léiríonn dul chun cinn leanúnach agus a léiríonn an mothú comhroinnte práinne i bhfianaise an chomhthéacs slándála atá ag dul in olcas. Chun comhchuspóir líonra soghluaisteachta míleata atá ag feidhmiú go maith a bhaint amach, iarrtar ar na páirtithe leasmhara ábhartha go léir leanúint lena ngníomhaíochtaí féin mar chuid de chur chuige comhordaithe uile-rialtais. Le gealltanas soghluaisteachta míleata nuashonraithe agus feabhsaithe ó na Ballstáit, má chinneann an Chomhairle amhlaidh, chuirfí leis an aidhm sin tuilleadh, ag tógáil ar obair thionscadail ábhartha Pesco laistigh de raon feidhme níos leithne an Phlean Gníomhaíochta maidir le Soghluaisteacht Mhíleata 2.0.

42. Cuirfidh an tArdionadaí agus an Coimisiún an chéad Tuarascáil eile ar Dhul Chun Cinn i láthair faoi dheireadh mhí na Samhna 2024.

______________